


Obair Bhaile Gaeilge



Leabhar 25

Ainm _____ Rang _____

Gaelscoil Uí Néill



Clár

	lth.
Foclóir N	3
Naomh Colm Cille	5
Naomh Bríd	6
Foclóir O	7
Fionn Mac Cumhaill	9
An Titanic	10
An Ghealach	11
Arracht sa Sneachta	12
Foclóir P	13
Aimsigh an Cháis	15
Bianna atá Nimhiúil do Pheataí	16
Foclóir R	17
Cerberus	19
An Bhanaltra agus an Madadh	20
Leonardo agus na hÉin	21
An Rud Beo is Sine ar an Domhan	22
Foclóir S	23
Litir Buíochas	25
An Gleann inar Tógadh Mé	26
Foclóir T	27
Litir Gearáin 1	29
Litir Gearáin 2	30
Foclóir U/V	31
Ní Mar a Chítear a Bhítear	33

ná *mír bhriathra*

ordú gan rud a dhéanamh *Ná déan sin.*

ná *cónasc*

1 nó in abairt dhiúltach *Níl Seán ná Liam ann.* **2** nuair a chuireann an duine atá ag caint go bhfuil sé amhlaidh nó mar an gcéanna dó *Níor chuala mé an clog. Níor chuala ná mise.*

nach *mír bhriathra*

1 mír cheisteach dhiúltach *Nach bhfuil obair le déanamh agat?* **2** mír a cheanglaíonn dhá phíosa eolais le chéile *Dúirt sé nach mbeidh sé anseo amárach.* **3** chóir a bheith, beagnach *Bhí sé nach mór marbh leis an fhuacht.*



nádúr *ainmfhocal* nádúir

1 gach rud sa domhan nach ndearna daoine, amhail plandaí agus ainmhithe, an dúlra **2** na cáilíochtaí nó tréithe atá ag duine nó rud *Bíonn sé sa nádúr aici bheith cineálta.*

nádúrtha *aidiacht* níos/ís nádúrtha

1 rud a thagann ón nádúr, ní ó dhaoine nó meaisíní **2** aimsir atá séimh agus deas

naí *ainmfhocal* naíonna

páiste óg

naíchóiste *ainmfhocal* naíchóistí

carráiste beag oscailte do bhabaí a bhrúnn duine eile atá ag siúl ar a chúl, cliabhán siúl, pram

náid *ainmfhocal* náideanna

nialas, faic, neamhní, rud ar bith, O A dó lúide a dó sin náid.

naimhdeach *aidiacht* níos/ís

naimhdí

eascairdiúil agus feargach, trodach

naimhdeas *ainmfhocal*

mothú nó barúil a bheith agat gur namhaid é duine eile

naíolann *ainmfhocal* naíolanna

áit a dtugtar aire do pháistí óga agus ina ndéanann siad súgradh

naíonán *ainmfhocal*

naíonáin

páiste óg

naipcín *ainmfhocal*

naipcíní

píosa éadaigh nó páipéir a úsáideann tú ag beilte



náire *ainmfhocal*

mothúchán a bhíonn agat de bharr go ndearna tú an rud contráilte *Bhí náire air gur chóipeáil sé sa scrúdú.*

náireach *aidiacht* níos/ís náirí

1 rud nó gníomhaíocht a bhíonn mar chúis le náire

2 an cineál duine nach maith leis labhairt barraíocht ar cé chomh maith atá sé

náirigh *briathar* náirigh, náiríonn, náireoidh,

náiriú, náirithe

náire a chur ar dhuine

naisc *briathar* nasc, nascann, nascfaidh,

nascadh, nasctha

dhá rud nó níos mó a cheangal nó a thabhairt le chéile

naíscoil *ainmfhocal* naíscoileanna

scoil do pháistí óga atá idir 2 nó 4 bliana d'aois

náisiún *ainmfhocal* náisiúin

tír agus na daoine a chónaíonn ann

náisiúnachas *ainmfhocal*

tacaíocht a thabhairt do do thír de bharr gur mhaith leat go mbeadh sí neamhspleách

náisiúnaí *ainmfhocal* náisiúnaithe

duine a thugann tacaíocht dá thír de bharr gur mhaith leis go mbeadh sí neamhspleách

náisiúntacht *ainmfhocal*

an náisiún óna dtagann tú

namhaid *ainmfhocal* naimhde

1 duine atá in éadan duine eile agus atá ag iarraidh dochar a dhéanamh dó **2** náisiún nó arm atá ag cogadh le tír eile

naofa *aidiacht* níos/ís naofa

a bhaineann le Dia, rud cráifeach a dtugtar urraim dó

naofacht *ainmfhocal*

baint a bheith ag rud nó duine le Dia, cráifeacht

naoi *ainmfhocal* naonna

9 rud, an uimhir 9

naomh *ainmfhocal* naoimh

duine cráifeach nó duine atá iontach maith ar fad

naonúr *ainmfhocal*

naonúir

9 duine

naoscach *ainmfhocal*

naoscacha

éan le gob fada



Obair Bhaile 1

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cé acu focal ón leathanach seo atá ar comhchiall le 'pram'?
2. Cad is ciall le 'naoscach'?
3. Cad é an aimsir láithreach den fhocal 'náirigh'?
4. Cad é a dhéanann tú le naipcín?
5. Cad é an uimhir iolra de 'naíscoil'?
6. Cad é a thugtar ar dhuine atá an-tugtha dá thír féin?
7. Cén sórt focail é 'nádúrtha'?
8. Comhlánaigh an abairt seo tríd an fhoirm cheart den aidiacht a chur isteach.

Tá an sagart naofa ach tá an bhean rialta níos _____ .

Obair Bhaile 2

Naomh Colm Cille



Rugadh Naomh Colm Cille sa bhliain 521 i nGartán i gContae Dhún na nGall. Criomthainn an t-ainm a tugadh air nuair a rugadh é. Nuair a bhí sé óg, shocraigh sé gur mhaith leis bheith ina mhanach. Thug a chairde an t-ainm Colm Cille air cionn is go raibh sé deas, cineálta agus séimh, cosúil leis an éan an colm. Fuair sé an dara cuid dá ainm as siocair go raibh sé le feiceáil sa mhainistir go minic.

Thóg Colm Cille a chéad mhainistir i nDoire sa bhliain 545 agus tá na daoine i nDoire bródúil as go fóill. Tugtar Doire Cholm Cille ar an áit fosta, in ómós do Cholm Cille. Bhí dúil mhór ag Colm Cille i leabhar clúiteach agus rinne sé cóip de gan chead. Ba le duine darbh ainm Fionnán an leabhar agus thit sé amach le Colm Cille nuair a chuala sé faoin rud a rinne sé. Rinne Fionnán gearán leis an rí. D'iarr an rí ar Cholm

Cille an chóip a thabhairt d'Fhionnán ach dhiúltaigh sé. Thosaigh Colm Cille agus a chairde ag troid in éadan arm an rí. Fuair na céadta duine bás. Tháinig brón millteanach ar Cholm Cille nuair a chonaic sé seo.

D'fhág Colm Cille Éire mar gheall ar an bhrón a bhí air. D'imigh sé féin agus manaigh eile ar bhád go hOileán Í, oileán beag ar chósta na hAlban. Thóg sé mainistir eile ansin. Chaith Colm Cille an chuid eile dá shaol ar Oileán Í. Fuair sé bás sa bhliain 597. Bíonn Lá Fhéile Colm Cille ann ar an 9ú Meitheamh gach bliain. Téann cuid mhór daoine ar thuras go hOileán Í go fóill. Tá Naomh Colm Cille chomh tábhachtach le Naomh Pádraig agus le Naomh Bríd in Éirinn.

Ceisteanna

1. Cá háit ar rugadh Naomh Colm Cille?
2. Cén sórt duine a bhí ann nuair a bhí sé óg?
3. Cé acu atá fíor?
 - (a) Thóg Colm Cille a chéad mhainistir i nDoire
 - (b) Thóg Colm Cille a chéad mhainistir i nDún na nGall
 - (c) Thóg Colm Cille a chéad mhainistir ar Oileán Í
4. Cén fáth ar thosaigh an troid mhór?
5. Cad é mar a mhothaigh Colm Cille nuair a fuair na daoine bás?
6. Cé acu abairt a insíonn dúinn go bhfuil suim mhór ag daoine i gColm Cille go fóill?
 - (a) Chaith sé an chuid eile dá shaol ar Oileán Í
 - (b) Tháinig brón millteanach ar Cholm Cille nuair a chonaic sé seo
 - (c) Téann cuid mhór daoine ar thuras go hOileán Í go fóill

Obair Bhaile 3

Naomh Bríd

Rugadh Naomh Bríd sa bhliain 453. Cailín deas cuidiúil a bhí inti a chreid go mór i nDia. Chaith sí cuid mhór ama ag guí agus ag cuidiú leis na daoine bochta. Nuair a bhí sí óg, chuala sí daoine ag caint ar Naomh Pádraig. Dúirt gach duine gur fear an-mhaith ar fad a bhí ann agus go raibh sé i gcónaí ag labhairt le daoine faoi Dhia. Ba mhaith le Bríd bheith ina bean rialta mar ba mhaith léi bheith mór le Dia agus cuidiú le daoine bochta.



Nuair a bhí Bríd ina bean rialta, chuaigh sí chuig an rí agus dúirt sí leis gur mhaith léi talamh a fháil le clochar a thógáil. Níor thaitin sin leis an rí ar dtús mar ní raibh sé ag iarraidh talamh ar bith a thabhairt di. Rinne sé iarracht bheith cliste agus dúirt sé léi, 'Cuir do chlóca ar an talamh agus tabharfaidh mé an talamh uilig atá faoin chlóca duit.'

Nuair a chuir Bríd a clóca ar an talamh d'fhás sé agus d'fhás sé, go dtí go raibh cuid mhór den talamh clúdaithe aige. Chuir sin iontas ar an rí agus thuig sé gur duine iontach speisialta a bhí inti. Bhí sé sásta go leor an talamh a thabhairt do Bhríd ansin.

Chaith Naomh Bríd saol fada mar bhean rialta go dtí go bhfuair sí bás sa bhliain 525. Bhí sí 72 bliain d'aois. Bíonn muid ag ceiliúradh Lá Fhéile Bríd ar an 1ú Feabhra.

Déanann muid crosóga Bhríde ar an lá sin fosta. Sin an chéad lá den earrach in Éirinn, cé go mbíonn sé cosúil leis an gheimhreadh go fóill!

Ceisteanna

1. Cé acu aidiacht is fearr a chuireann síos ar Naomh Bríd?
 - (a) cineálta
 - (b) greannmhar
 - (c) crosta
2. Ba mhaith le Naomh Bríd bheith ina bean rialta mar:
 - (a) níor chreid sí i nDia.
 - (b) chreid sí go mór i nDia.
 - (c) ní raibh dúil aici sna daoine bochta.
3. Cén fáth ar dhúirt an rí le Bríd a clóca a chur ar an talamh?
4. Cad é a chuir iontas ar an rí?
5. Cén fáth a raibh an rí sásta cuidiú le Bríd sa deireadh?
6. Cad é a dhéanann daoine inniu i gcuimhne ar Naomh Bríd?

onóir

onóir *ainmfhocal* onóracha

1 meas nó clú mór **2** duais a thugtar do dhuine a bhfuil sé tuille aige mar gheall ar an obair mhaith atá déanta aige **3** nuair atá tú bródúil as rud a dhéanamh *Bheadh sé mar onóir agam sin a dhéanamh duit.*

onórach *aidiacht* níos/lis onóraí

nuair a thig leat meas a chur i nduine agus fios agat go ndéanfaidh sé iarracht an rud ceart a dhéanamh i gcónaí

ór *ainmfhocal*

1 miotal buí luachmhar **2** an dath buí geal

oraibh *réamhfhocal*

gabh chuig ar

óráid *ainmfhocal* óráidí

caint nó cur i láthair a thugann tú do ghrúpa daoine

óráidí *ainmfhocal* óráidithe

duine a thugann óráid

orainn *réamhfhocal*

gabh chuig ar

oráiste *aidiacht* níos/lis oráiste

dath dearg-bhuí

oráiste *ainmfhocal* oráistí

toradh cruinn súmhar le craiceann tiubh dearg-bhuí

órang-útan *ainmfhocal* órang-útain

ápa mór

orc *ainmfhocal* oirc

ollphéist, arracht iontach

ord *ainmfhocal* oird

1 iarratas a dhéanann tú le rud a fháil *Ghlac an freastalaí ord s'againne.* **2** an dóigh a bhfuil rudaí socraithe nó leagtha amach **3** dea-iompraíocht **4** **ord crábhaidh** grúpa cráifeach ar leith **5** **in ord** socraithe, leagtha amach ar dhóigh eagraithe

ordaigh *briathar* d'ordaigh, ordaíonn, ordóidh,

ordú, ordaithe





1 cur in iúl do dhuine go gcaithfidh sé rud a dhéanamh **2** rud a iarraidh, i mbialann mar shampla *Ordóidh mé an leabhar sin ón leabharlann agus tiocfaidh sé i gceann cúpla seachtaine.*

ordóg *ainmfhocal* ordóga

méar bheag tiubh ag taobh na láimhe

ordú *ainmfhocal* orduithe

rud a chuireann tú in iúl do dhuine a chaithfidh sé a dhéanamh




órga *aidiacht* níos/lis órga

1 déanta d'ór **2** mar ór **3** **iasc órga** iasc oráiste a choinníonn daoine mar pheata *Tá iasc órga agam mar pheata.*

orgán *ainmfhocal* orgáin

1 uirlis cheoil a dhéanann fuaimeanna trí aer a bhrú trí phíobáin, imríonn tú é le heochracha agus troitheáin *Bhí an ceoltóir ag seinm ar an orgán.* **2** cuid de do chorp le feidhm ar leith, na horgáin díleáite mar shampla



orgánach *aidiacht* níos/lis orgánaí

bia a fhásann tú nó a sholáthraíonn tú gan a bheith ag úsáid leasacháin nó lotnaidicídí

orlach *ainmfhocal* orlaigh

tomhas impiriúil faid, tá 12 orlach i dtroigh nó thart fá 2½ ceintiméadar in orlach

orláiste *ainmfhocal* orláistí

fearas sean-fhaiseanta a úsáideadh le ham a thomhas, le gaineamh ag rith ó leath amháin d'árthach gloine go dtí an leath eile trí chuid chaol sa lár

orm *réamhfhocal*

gabh chuig ar

ornáid *ainmfhocal* ornáidí

rud a chaitheann tú nó a thaispeánann tú mar mhaisiúchán

ort *réamhfhocal*

gabh chuig ar *Cad é an t-ainm atá ort?*

ortha *ainmfhocal* orthaí

sraith focal a chreidtear a bhfuil cumhacht draíochta acu

orthu *réamhfhocal*

gabh chuig ar

OS *réamhfhocal*

1 thar **2** **os cionn** níos airde ná, ag pointe níos airde **3** **os cionn** níos mó ná **4** **os coinne** chun tosaigh ar, roimh **5** **os comhair** ar an taobh eile **6** **os ard** rud a rá go hard sa dóigh is go dtig gach duine é a chloisteáil **7** **os íseal** rud a rá go ciúin sa dóigh is nach gcluineann mórán é

ósais *ainmfhocal* ósaisí

áit thorthúil sa ghaineamhlach le huisce agus crainn

oscail *briathar* d'oscail, osclaíonn,

osclóidh, oscailt, oscailte

rud a dhéanamh oscailte *D'oscail mé an doras agus chonaic mé an carr.*



Obair Bhaile 4

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cé acu focal ón leathanach seo atá ar comhchiall le 'ollphéist'?
2. Cad is ciall leis an fhocal 'ornáid'?
3. Cad é an aimsir fháistineach den fhocal 'ordaigh'?
4. Cad é a dhéanann óráidí?
5. Cad é an uimhir iolra de 'oráiste'?
6. Cad é a thugtar ar fhad impiriúil atá 2.5cm?
7. Cén áit a bhfeicfeá ósais?
8. Comhlánaigh an abairt seo tríd an fhoirm cheart den bhriathar 'oscail' a chur isteach.

_____ *mé an doras agus siúlfaidh go díreach isteach.*

Obair Bhaile 5

Fionn Mac Cumhaill agus an Bradán Feasa

Fadó in Éirinn bhí fear ann darbh ainm Finnéagas. Nuair a bhí Fionn Mac Cumhaill óg bhí sé iontach cairdiúil le Finnéagas. Bhí Finnéagas iontach cliste ach bhí sé ag iarraidh gach rud ar an domhan bheith ar eolas aige. Bhí iasc draíochta san abhainn agus bhí gach rud ar eolas ag an iasc seo. An Bradán Feasa an t-ainm a bhí air. Ba mhaith le Finnéagas an Bradán Feasa a fháil agus é a ithe.

Lá amháin bhí Finnéagas ag iascaireacht agus rug sé ar an Bhradán Feasa. Bhí sé iontach sásta leis féin. Las sé tine leis an iasc a chócaráil. Bhí sé ag dúil go mór leis an Bhradán Feasa a ithe. Chuaigh sé amach le huisce a fháil agus d'fhág sé Fionn leis an Bhradán Feasa. Ní raibh cead aige é a ithe!

Chuir Fionn a ordóg ar an bhradán lena fháil amach an raibh sé réidh. Bhí an bradán millteanach te agus dhóigh sé a ordóg. Chuir sé a ordóg isteach ina bhéal go gasta. Ba é Fionn an chéad duine a bhlais an Bradán Feasa agus is ag Fionn a bhí an t-eolas ar fad!

Ceisteanna

1. Cá huair a tharla an scéal seo?
2. Cén fáth a raibh Finnéagas ag iarraidh an Bradán Feasa a ithe?
3. Cad é mar a mhothaigh Finnéagas nuair a rug sé ar an Bhradán Feasa?
4. Cén fáth ar fhág Finnéagas Fionn leis féin?
5. Cé acu atá fíor?
 - (a) Bhlais Fionn an Bradán Feasa de thimpiste
 - (b) Bhlais Fionn an Bradán Feasa d'aon turas
 - (c) Níor bhlais Fionn an Bradán Feasa ar chor ar bith
6. Cén fáth ar chuir Fionn a ordóg ina bhéal, do bharúil?



Obair Bhaile 6


An Titanic

Is beag duine nár chuala faoin Titanic. Long chlúiteach ollmhór a bhí ann a tógadh i mBéal Feirste níos mó ná 100 bliain ó shin. An long is mó ar an domhan a bhí ann ag an am agus ghlac sé dhá bhliain lena tógáil. Bhí an Titanic chomh mór sin go raibh linn snámha ann. Bhí sí ar cheann de na longa is mó agus is deise a bhí ann ag an am.

D'fhág sí Southampton i Sasana ar a céad turas ar an 10^ú Aibreán 1912. Bhí sí ag dul go Meiriceá. Ar an bhealach, stad sí i gCorcaigh le níos mó daoine a thógáil. Nuair a d'fhág an Titanic Éire, bhí níos mó ná 2,200 duine ar bord. Bhí cuid de na daoine a bhí ar bord iontach saibhir agus bhí an chuid is fearr de na seomraí leapa acu in uachtar na loinge. Bhí cuid mhór daoine bochta ann fosta agus b'éigean dóibh fanacht in íochtar na loinge, áit nach raibh iontach deas.

Bhí an aimsir sioctha fuar agus bhuail an Titanic cnoc oighir ar oíche an 14^ú Aibreán. Rinneadh damáiste mór don long agus bhí sí ag ligean uisce ar bord go gasta. Chuaigh sí go tóin na farraige cúpla uair an chloig i ndiaidh di an cnoc oighir a bhualadh. Ní raibh go leor báid tarrthála ann agus fuair 1522 duine bás an oíche fhuar uafásach sin. Tháinig 711 duine slán as.

Tá suim mhór ag daoine sa Titanic go fóill agus téann cuid mhór daoine go Béal Feirste le hamharc ar an áit ar tógadh í. Tá sé dochreidte go bhfuil an long féin go fóill ina luí ar thóin na farraige.



Ceisteanna

1. Cá háit ar tógadh an Titanic?
2. Cén fáth ar stad an Titanic i gCorcaigh?
3. Cá huair a bhuail an Titanic an cnoc oighir?
4. Cad é a chiallaíonn an abairt 'Tháinig 711 duine slán as'?
5. Cén aidiacht is fearr a chuireann síos ar an scéal seo?

- (a) fuar
- (b) brónach
- (c) greannmhar

6. Cad é ábhar an scéil seo?

- (a) an fharraige
- (b) long chlúiteach a tógadh in Éirinn
- (c) laethanta saoire ar long

Obair Bhaile 7

An Ghealach

Bíonn an ghealach le feiceáil sa spéir san oíche ach ní réalta ná pláinéad í. Is satailít mhór í an ghealach. Bíonn an ghealach ag taisteal thart ar an domhan agus glacann sé 27 lá leis an turas iomlán a dhéanamh. Cuireann an ghealach solas ar fáil dúinn san oíche, go háirithe má bhíonn iomlán gealaí ann agus mura mbíonn scamall ar bith sa spéir. Bíonn dúil ar leith ag cuid mhór daoine sa ghealach nuair a bhíonn urú gealaí ann. Tarlaíonn urú gealaí nuair a bhíonn an ghealach, an ghrían agus an domhan i líne dhíreach agus an domhan sa lár. Caitheann an domhan scáil mhór ar an ghealach agus éiríonn an ghealach iontach dorcha. Tagann dath dearg uirthi agus bíonn cuma iontach uirthi thuas sa spéir.



Bhí daoine ag iarraidh taisteal chun na gealaí ar feadh na mblianta. Sa bhliain 1969, chuaigh spásairí Meiriceánacha ar spáslong darbh ainm Apollo 11 go dtí an ghealach. Ba iad Neil Armstrong, Buzz Aldrin agus Micheal Collins na spásairí. Bhí misean ar leith acu – siúl ar an ghealach! Turas millteanach contúirteach ar fad a bhí ann ach d'éirigh go geal leo. Ba é Neil Armstrong an chéad duine a shiúil ar an ghealach. Bhí Buzz Aldrin díreach ina dhiaidh, ach bhí ar Michael Collins bocht fanacht sa spáslong. Chuaigh sé an bealach ar fad chun na gealaí agus níor shiúil sé uirthi. I ndiaidh roinnt laethanta d'fhill na spásairí uilig ar an domhan slán sábháilte.

Chuaigh spásairí eile chun na gealaí sna blianta ina dhiaidh sin. Sa deireadh, áfach, tháinig deireadh leis na misin sin agus anois ní théann duine ar bith chun na gealaí níos mó. Níl deireadh leis an taisteal sa spás. Tá stáisiún spáis ann le blianta anois a théann thart ar an domhan gan stad agus tá caint ann faoi dhul go Mars fiú!

Ceisteanna

1. Cad é an rud í an ghealach?
2. Cad é a tharlaíonn nuair a bhíonn urú gealaí ann?
3. I bparagraf 3 tá an focal 'spéir' in úsáid mar:
 - (a) ainmfhocal
 - (b) aidiacht
 - (c) briathar
4. I bparagraf 3 cad é a chiallaíonn 'd'éirigh go geal leo'?
5. Cé acu atá fíor?
 - (a) Téann daoine chun na gealaí go fóill.
 - (b) Tá deireadh ar fad le taisteal sa spás.
 - (c) Bíonn spásairí ag taisteal sa spás go fóill.
6. Cad é mar a mhothaigh na spásairí nuair a tháinig siad ar ais ón ghealach, do bharúil?

Obair Bhaile 8

Arracht sa Sneachta

Thiocfadh linn dul áit ar bith ar an domhan dár laethanta saoire ach roghnaigh daidí na sléibhte fuara de Neipeal. Is dócha gur sin ceann de na míbhuntáistí a théann le bheith i dteaghlach atá lán de thaiscéalaithe, bíonn muid i gcónaí ag dul ar saoire atá lán de chontúirt agus eachtraíocht. Mé féin, b'fhearr liom féin dul cois trá, luí thíos faoi scáth gréine agus deoch fuar a bheith agam.

Bhí mé i mo shuí, préachta leis an fhuacht, sa phuball sléibhe agus bhí daidí ag iarraidh an sorn gáis beag a chur ag dul. Rinne mé iarracht cuma bhrónach a chur orm féin, ag súil is go gcuirfeadh daidí an turas ar ceal agus mé a thabhairt abhaile. Níor tharla sin, níor thug sé an pus ar m'aghaidh faoi deara, bhí sé ró-ghnóthach leis an sorn.

"Gabh agus faigh sneachta glan, leáfaidh muid é agus déanfaidh muid cupán deas tae, le do thoil," ar seisean. "Tá sé galánta amuigh ansin inniu."

Chuir mé smut orm féin agus stampáil mé go crosta, amach as an phuball, isteach sa mhaidin gheal fhuar. Ach bhí daidí ceart...bhí lá galánta ann. Bhí an ghrian in airde, ag lonrú ar an sneachta geal úr, ach ní raibh mé ag dul a chur in iúl dó go raibh sé ceart faoin aimsir.

Shiúil mé suas an sliabh, ag amharc siar ar mo lorga cosa sa sneachta de réir mar a shiúil mé. Níor thug mé faoi deara go raibh mé ag dul níos doimhne agus níos doimhne isteach sa sneachta púdrach de réir mar a shiúil mé. Bhí an sneachta suas go dtí mo ghlúine nuair, go tobann, chonaic mé dhá chos ghruagacha!

D'amharc mé suas go gasta. Ní thiocfadh liom a chreidbheáil cad é a chonaic mé. Fear nó ápa mór gruagach...nó rud éigin gruagach. Bhí sé i bhfad níos airde ná mise, le fionnadh geal fada agus lámha tiubha láidre. Bhí sé clúdaithe ar fad i bhfionnadh, ach amháin dá shrón, súile agus béal. Sheas sé ansin ag stánadh orm agus sheas mé san áit a raibh mé ag stánadh ar ais. Smúr sé an t-aer agus, ansin, rinne sé gáire! Tharraing mé mo liopaí siar agus rinne gáire scanraithe ar ais leis. Chroith sé liom. Thóg mé mo lámh go fadálach agus chroith mé ar ais. Leis sin, thiontaigh sé thart agus shiúil sé leis.

Sheas mé ansin tamall fada eile ag stánadh an treo a ndeachaigh an arracht. Cad é a bhí ann? Arracht an Sneachta, an Yeti? Ní arracht scanrúil a bhí ann, ach arracht chairdiúil.

Bhí iontas ar dhaidí go raibh mé sona sásta don chuid eile den saoire. Níor dhúirt mé leis faoin arracht, ní chreidfeadh sé mé cibé. Ní fhaca mé an arracht ina dhiaidh sin, cé go raibh mé ag amharc amach dó, ach ní dhéanfaidh mé dearmad air.



Ceisteanna

1. Cad é mar a mhothaigh an scríbhneoir faoin saoire s'aige ag an tús?
2. Cá ndeachaigh siad ar a laethanta saoire?
3. Cad é a bhí ar bun ag daidí sa phuball?
4. Cad chuige ar imigh an scríbhneoir ón phuball leis féin?
5. Cad é mar a bhí an aimsir?
6. Cad é mar atá a fhios againn go raibh an arracht cairdiúil?
7. Ar dhúirt an scríbhneoir lena dhaidí go bhfaca sé rud éigin?
8. Cad é mar a mhothaigh an scríbhneoir faoin saoire s'aige ag an deireadh?

piobar *ainmfhocal*

1 púdar le blas te a úsáideann tú mar bhlástán bia **2** toradh le blas te

pioc *briathar* phioc, piocann, piocfaidh, piocadh, pioctha
1 rud a roghnú **2** bláth a ghearradh nó a ghlacadh ón talamh **3** **póca a phiocadh** rud a sciobadh ó phóca dhuine **4** **glas a phiocadh** glas a oscailt gan eochair **5** **piocadh ar dhuine** cur isteach ar dhuine nó duine a cháineadh go mór



piocóid *ainmfhocal* piocóidí
uirlis throm bhiarach le hanla fada a úsáideann tú le coincreít nó talamh crua a bhriseadh suas

piocúil *aidiacht* níos/is piocúla slachtmhar agus socraithe go maith, éadaí ach go háirithe

pióg *ainmfhocal* pióga
béile bhácáilte d'fheoil nó torthaí clúdaithe i dtaosrán




piollaire *ainmfhocal* piollairí
piosa beag cógais a alpann tú, táibléad

piolón *ainmfhocal* piolóin
túr miotail a thacaíonn cáblaí leictreachais



piolóta *ainmfhocal* piolótaí
duine a eitlíonn aerárthach

piongain *ainmfhocal* piongainí
éan mara ón Antartach nach bhfuil ábalta eitilt ach a úsáideann a eiteoga mar lapaí le snámh



pionna *ainmfhocal* pionnaí
1 fáisc a úsáideann tú le dhá rud nó níos mó a nascadh le chéile, clúidín mar shampla **2** fáiscín nó biorán a choinníonn rudaí in áit nó a úsáidtear le rudaí a chrochadh **3** **pionnaí tiúnta** fearais a úsáidtear sa cheol le gléasanna ceoil a chur i dtiúin

pionós *ainmfhocal* pionóis
1 fulaingt a chur ar dhuine ar bhealach éigin mar gheall ar rud contráilte a rinne sé **2** cic éirice **3** méid áirithe ama i bpríosún a thugtar do choirpeach i gcúirt dhlí



pionsóireacht

ainmfhocal
spórt a bhaineann le troid a dhéanamh le claimhte

pionsúr *ainmfhocal* pionsúir
crúb sliogéisc, ag gliomach mar shampla


pionsúirín *ainmfhocal* pionsúiríní
uirlis bheag a fhaigheann greim agus a thógann rudaí beaga, stampaí nó ribí gruaige mar shampla

pionta *ainmfhocal* piontaí
tomhas leachta, ochtú galúin nó thart fá 568ml

piopa *ainmfhocal* piopaí
feadán beag le babhla ag an deireadh a úsáideann daoine le tobac a chaitheamh

píoráid *ainmfhocal* píoráidí
mairnéalach a dhéanann ionsaí agus a robálann longa eile, foghlaí mara

piorra *ainmfhocal* piorraí
1 toradh súmhar atá níos caoile i ngar don ghas **2** **piorra abhcóide** piorra trópaiceach



piorróg *ainmfhocal* piorróga
crann piorraí

píosa *ainmfhocal* píosaí
1 cuid amháin de rud, giota **2** ceann de na rudaí a úsáideann tú i gcluiche boird, ficheall mar shampla

piostal *ainmfhocal* piostail
gunna beag a choinníonn tú i do lámh

piótón *ainmfhocal* piótóin
nathair mhór a mhionbhrúnn a chreach


piótsa *ainmfhocal* piótsaí
bia lodálach déanta mar shraith taois clúdaithe le cáis, glasraí agus spíosraí, bÁCáiltear é in oigheann



pípéad *ainmfhocal* pípéid
feadán tanaí le bolgóid a úsáidtear le méideanna beaga leachta a thomhas nó a aistriú, úsáidtear é go minic i saotharlann

pirimid *ainmfhocal* pirimidí
cruth le bonn cearnach nó triantánach óna dtagann na faobhair chuig rinn amháin

pis *ainmfhocal* piseanna
1 síol beag cruinn glas de phlanda dreapadóireachta a fhásann i gcochall, itheann daoine í mar ghlasra **2** **pis talún** cnó beag cruinn a fhásann i gcochall sa talamh **3** **im piseanna talún** taos a dhéantar ó phiseanna talún brúite agus rósta



piscín *ainmfhocal* piscíní
cat óg

Obair Bhaile 9

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.


1. Cé acu focal ón leathanach seo atá ar comhchiall le 'foghláí mara'?
2. Cén chuid den domhan óna dtagann piongain?
3. Cad é an aimsir chaithe de 'pioc'?
4. Cad é a dhéanann píolóta?
5. Cad é an uimhir iolra de 'piobar'?
6. Cad é an rud é 'piolón'?
7. Cén tír óna dtagann píotsa?
8. Cad é an t-ainm atá ar an nathair mhór a mhionbhrúnn a chreach?

Obair Bhaile 10

Aimsigh an Cháis

Ar rith tú síos cnoc ard, géar riamh sa tóir ar roth mór cáise? Bhuel, creid é nó ná creid, tarlaíonn sé seo gach bliain ag Cnoc Cooper i Sasana.

Tá Cnoc Cooper in Gloucestershire, ceantar atá cáiliúil mar gheall a cháis. Gach bliain i mí Bealtaine, bíonn comórtas speisialta ag na daoine i mbaile darb ainm Brockworth. Tugtar *Rolladh Cáise Chnoc Cooper* ar an chomórtas. Sa chomórtas seo, rolltar cáis mhór chruinn síos an cnoc agus ritheann grúpa reathaithe sa tóir uirthi. Tugtar rothladóirí ar na reathaithe seo fosta de bharr go dtiteann an chuid is mó acu agus rothlaíonn siad síos an cnoc. Tá sé beagnach dodhéanta teacht anuas Cnoc Cooper ar do chosa de bharr go bhfuil sé chomh géar sin mar chnoc. Sleamhnaíonn an chuid is mó na daoine síos an cnoc, rollann siad nó preabann siad síos an cnoc. Tá daoine ann a dhéanann rothchasadh síos an cnoc ar fad! Is é is sprioc leis an chomórtas ná an cháis a aimsiú, ach, de bharr go bhfuil an cháis iontach trom agus go rollann sé go gasta, tá sé iontach deacair an cháis a aimsiú agus é ag dul síos. De ghnáth, is é an duine a bhaineann bun an chnoic amach ar dtús an buaiteoir ar fad. Is í an cháis an duais don bhuaiteoir.



Níl a fhios ag duine cad chuige nó cá huair a thosaigh an nós aisteach seo, ach tá sé ag dul le breis agus 200 bliain. Creidtear go raibh sé ann mar gheall ar fheis níos mó le comórtais agus gníomhaíochtaí eile. Síleann daoine gur thosaigh an comórtas mar cheiliúradh ar theacht an tsamhraidh.

Dr bharr go bhfuil an cnoc chomh géar agus míchothrom sin, is iomaí duine a bhíonn gortaithe. Thig leo an chraiceann a ghearradh, rúitín a leonadh, cnámha a bhriseadh nó comhtholghadh a bheith orthu. Fanann otharchairr ag bun an chnoic, agus fanann lucht tharrthála leath bhealaigh suas an cnoc le cuidiú le daoine atá gortaithe agus iad a iompar síos chuig na hotharchairr.

Tá roinnt rásaí eile ann, le rás suas an cnoc do pháistí san áireamh. Tagann na mílte daoine le hamharc ar an rás agus tagann daoine ó gach cearn don domhan le páirt a ghlacadh ann!

Ceisteanna

1. Cad é a chuirtear a rolladh síos cnoc sa chomórtas seo?
2. Cén áit a dtarlaíonn an comórtas seo?
3. Cad é a tharlaíonn do chuid mhór reathaithe sa chomórtas seo?
4. Cad é an sprioc leis an chomórtas seo?
5. Cé a bhaineann an comórtas seo de ghnáth?
6. Cad é an chéad duais?
7. Cad chuige a mbíonn otharchairr ag bun an chnoic?
8. Cén rás atá ann do pháistí?

Obair Bhaile 11

Bianna atá Nimhiúil do Pheataí

Má tá peata agat, madadh nó cat ach go háirithe, tá sé iontach deacair gan smailceanna s'agat féin a thabhairt dó in amanna, milseáin agus rudaí mar sin mar shampla. Tá sé iontach deacair gan cuid de do bhéile féin a thabhairt do do pheata, go háirithe má tá sé ina shuí taobh leat ag stánadh ort lena shúile móra brónacha. Ach thig le bianna áirithe a itheann daoine dochar a dhéanamh do pheataí – tinneas a chur orthu nó iad a mharú go fiú.



Tá substaint i seacláid a mharódh cat nó madadh dá n-íosfadh siad barraíocht de. Cuireann sé ar an chroí bualadh go hiontach gasta ar fad nó ar bhealach míchothrom. Má tá an peata ag aclú, nó ag rith thart cuid mhór, thig leis an pheata bás a fháil. Fiú amháin má thugann tú muiín sceallaí seacláide do pheata, seans maith go gcaithfidh sé suas nó go mbeadh an scuaid air. Tá seacláid dhorcha agus cócaireachta níos measa na seacláid bhainne.

Tá cnónna contúirteach do mhadaí, cnónna macadaimia agus galchnónna ach go háirithe. Má itheann madadh fiú amháin cúpla cnó macadaimia, seans nach mbeadh sé ábalta seasamh nó siúl, bheadh teocht ard aige agus bheadh sé gan anáil. B'fhéidir go mbeadh sé níos fearr gan crann macadaimia a bheith agat i do ghairdín má tá madadh agat.

Tá torthaí agus glasraí ann atá dochrach d'ainmhithe. Thig le hoinniúin na cealla dearga i gcorp ainmhí a scrios agus bheadh an peata iontach lag ar fad. Déanann abhacáid dochar don chroí agus do na scamhóga den chuid is mó d'ainmhithe. Ná tabhair fíonchaora nó rísíní do mhadaí, déanann siad dochar do na duáin s'acu roimh i bhfad. Níor chóir na bianna seo a thabhairt do pheataí ach an oiread: craiceann phrátaí, cuid mhór brocaílí, síolta piorra, bun úill, na clocha de phlumaí, aibreoga agus péitseoga nó na codanna glasa de thrátaí.

Má tá do pheata beag, beidh níos lú de na bianna thuas de dhíth air chun é a dhéanamh tinn. Déan cinnte nach dtig le do pheata dul isteach i do bhosca bruscair le fuilleach an lóin a fháil – agus déan cinnte nach dtig leo rudaí mar uibheacha Cásca a fháil.

Is iad bianna maithe do pheataí ná: feoil thrua, prátaí cócaráilte, arán nó tósta (gan torthaí nó cnónna), pasta nó rís pléineáilte, stiallacha de mheacain dhearga, slisíní úill, pónairí glasa agus slisíní oráiste.

Ceisteanna

1. An bhfuil peata agat?
2. Ar thug tú bia ó do phláta d'ainmhí riamh?
3. Cad é a tharlóidh do chat má itheann sé seacláid?
4. Cén dochar a dhéanann cnónna do mhadaí?
5. Cén dochar a dhéanann oinniúin d'ainmhithe?
6. Cén dochar a dhéanann fíonchaora do mhadaí?
7. Scríobh síos trí bhia eile a dhéanann dochar do pheataí.
8. Scríobh síos trí bhia atá maith do pheataí.

rabharta *ainmfhocal* rabhartaí
cuid mhór uisce spréite thar achar talún a bhíonn tirim de ghnáth, dile

rabhlaer *ainmfhocal* rabhlaeir
ball éadaigh a chaitheann tú thar do chuid éadaí féin chun iad a chosaint

rac *ainmfhocal*
cineál popcheoil atá ard, gasta agus bríomhar

raca *ainmfhocal* racaí
creatlach a úsáideann tú mar ártach nó seilf

raca *ainmfhocal* racaí
uirlis gharraíodóireachta le sraith spící nasctha le hanla fada *Bhí daideo ag obair sa ghairdín leis an raca.*

racán *ainmfhocal* racáin
cuid mhór calláin nó cur isteach, rírá, ruaill buaille

rac-cheol *ainmfhocal*
cineál popcheoil atá ard, gasta agus bríomhar

rachaidh *briathar*
gabh chuig téigh *Rachaidh mé go Nua Eabhrac sa samhradh an bhliain seo chugainn.*

ráchairt *ainmfhocal*
mian a bheith agat rud a fháil

rachmasach *aidiacht* níos/ís rachmasaí
cuid mhór airgid nó maoine a bheith agat, saibhir

racht *ainmfhocal* rachtanna
pléascán tobann de mhothúcháin, racht feirge nó racht gáire mar shampla

racún *ainmfhocal* racúin
ainmhí beag ón Mheiriceá Thuaidh le fionnadh liath-dhonn agus ruball clúmhach stríocach, is feoiliteoir é



radacach *aidiacht* níos/ís radacaí
1 cuimsitheach agus iomlán, ag dul chuig croí-lár ruda **2** ag iarraidh cuid mhór a athrú

radaighníomhach *aidiacht* níos/ís radaighníomhaí
mar shubstaint a bhfuil adaimh acu a bhriseann suas agus a thugann ganna contúirteacha amach a dhéanann dochar do rudaí beo

radaitheoir *ainmfhocal* radaitheoirí
1 fearas a thugann amach teas, ártach miotail a dtéann uisce te nó gal tríd **2** fearas a choinníonn an t-inneall fionnuair i gcarr

radar *ainmfhocal*
córas a úsáideann tonnta raidió leis an áit a bhfuil longa agus eitleáin atá i bhfad ar shiúl a léiriú

radharc *ainmfhocal* radhairc
1 cibé a thig leat a fheiceáil ó áit **2** an cumas nó an ábaltacht le feiceáil **3 dul as radharc** gan a bheith le feiceáil a thuilleadh **4 teacht i radharc** nuair a théann duine nó rud chuig áit a dtig leat é a fheiceáil

radharceolaí *ainmfhocal* radharceolaithe
duine a scrúdaíonn radharc do shúl agus a dhéanann agus a dhíolann spéaclaí agus lionsaí tadhaill

radharcra *ainmfhocal*
1 na rudaí nádúrtha atá le feiceáil i gceantar **2** na rudaí a chuireann tú ar an ardán le cuma áite a chur air

ráfla *ainmfhocal* ráflaí
rud atá cuid mhór daoine ag rá, cé gur féidir nach bhfuil sé fíor

rafta *ainmfhocal* raftaí
bád beag déanta de bhairillí nó lomáin ceangailte le chéile

ragairne *ainmfhocal*
rud a dhéanamh mar spraoi

ragobair *ainmfhocal*
am breise a chaitheamh ag obair, thar na gnáth-uaireanta oibre

raibh *briathar*
gabh chuig bí *An raibh tú anseo inné?*

raibí *ainmfhocal* raibithe
ceannaire cráifeach Giúdach


raic *ainmfhocal*
cuid mhór calláin nó cur isteach, rírá, ruaill buaille

raicéad *ainmfhocal* raicéid
bata le sreanga sínte trasna an fhráma, úsáideann tú é sa leadóg agus cluichí cosúla

raidhfil *ainmfhocal* raidhfíilí
gunna fada a chuireann tú le do ghualainn lena scaoileadh

raidhse *ainmfhocal*
cuid mhór de rud a bheith ann

raidió *ainmfhocal* raidiúnna
1 fuaimeanna a chur agus a phiocadh suas ar thonnta leictreacha **2** fearas a phiocann suas cláir fhuaimne chraolta, nó a chuireann agus a phiocann suas teachtaireachtaí



Obair Bhaile 12

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.


1. Cé acu focal ón leathanach seo atá ar comhchiall le 'gunna'?
2. Cad is ciall le ragobair?
3. Cad é an aimsir bhriathra atá san fhocal 'rachaidh'?
4. Cad é a dhéanann radharceolaí?
5. Cad é an uimhir iolra de 'raidíó'?
6. Cad é a thugtar ar bhata le sreanga sínte thar an fhráma, a úsáidtear i leadóg?
7. Cén tír ina gcónaíonn racún?
8. Comhlánaigh an abairt seo tríd an fhoirm cheart den aidiacht a chur isteach.

Chuala mé _____ go mbeidh an scoil druidte amárach, ach níl a fhios agam an bhfuil sé fíor.

Obair Bhaile 13

Cerberus

I miotaseolaíocht na Gréige, ba é Háidéis dia an domhain thíos. Bhí madadh aige a chuidigh leis, Cerberus. Ní gnáth-mhadadh a bhí ann, bhí trí chloigeann aige, nathair mar ruball agus cuid mhór nathracha beaga ar a dhroim mar mhoing leoin.



Sheas Cerberus mar gharda ar gheata an domhain thíos, áit a ndeachaigh anamacha na marbh. Chinntigh Cerberus nár éalaigh na mairbh ón domhan thíos agus nach ndeachaigh duine ar bith a bhó beo isteach. Bhí sé chomh láidir agus fíochmhar sin go raibh eagla ar na déithe roimhe go fiú.

Ní raibh ach tríúir daoine a chuaigh thar Cerberus. Ba é Oirféas an chéad duine. Ba cheoltóir é Oirféas a raibh gléas ceoil speisialta aige a thug an dia Apalló dó. Bhí bean chéile Oirféas marbh de bharr gur bhain nathair nimhe greim aisti. Eoraidíce an t-ainm a bhí uirthi agus chuaigh a hanam chuig an domhan thíos i ndiaidh di bás a fháil. Chuaigh Oirféas chun í a fháil ar ais. Sheinn sé ceol agus chan sé do Cerberus agus chuir a cheol draíochta é chun codladh agus bhí Oirféas ábalta dul isteach. Bhí cead aige Eoraidíce a thabhairt leis ar ais chuig an domhan a fhad is gur shiúil sé chun tosaigh agus nár amharc sé ar ais go dtí go raibh siad ar ais sa domhan thuas. Ach thiontaigh Oirféas thart agus d'imigh Eoraidíce go deo.

An dara duine a sháraigh Cerberus ná seanbhean, Sybil de Chumae. Chuir sí Cerberus chun codladh trí chaca le posóid chodlata ann a thabhairt dó sa dóigh is go dtiocfadh le laoch darb ainm Aeinéas dul isteach sa domhan thíos.

Ba é Earcail an tríú duine le Cerberus a shárú. Tugadh 12 tasc dodhéanta d'Earcail agus bhí air Cerberus a fhuadach dá thasc deireanach. Is é a rinne Earcail ná troid a dhéanamh le Cerberus lena láidreachtaí iontach. Thug Earcail Cerberus chuig ann ríocht Míceine, agus ansin thug sé é ar ais chuig an domhan thíos, áit ar sheas sé garda ar na geataí arís.

Ceisteanna

1. Cé hé dia an domhain thíos i miotas na Gréige?
2. Déan cur síos ar Cerberus?
3. Cad é an jab a bhí ag Cerberus?
4. Cad é mar a sháraigh Oirféas Cerberus?
5. Ar éirigh le hOirféas a bhean chéile a thabhairt ar ais chuig an domhan thuas?
6. Cad é mar a sháraigh Sybil de Chumae Cerberus?
7. Cad é mar a sháraigh Earcail Cerberus?
8. Cad é a rinne Earcail le Cerberus i ndiaidh dó é a thabhairt chuig Míceine?

Obair Bhaile 14


An Bhanaltra agus an Madadh

Ó bhí sí an-óg bhí suim ag Florence Nightingale i gcúrsaí leighis. Bhíodh sí i gcónaí ag súgradh le bábóga – ag ligean uirthi go raibh siad tinn agus ag tabhairt aire dóibh. Thaitin leanaí óga go mór léi fosta, agus bhíodh sí breá sásta agus í ag tabhairt aire dóibh.

Lá amháin bhí Florence amuigh ag marcaíocht ar a capall. Chonaic sí seanfheirmeoir ina shuí ar thaobh an bhóthair agus a mhadadh ina luí ina aice leis. Bhí brón an domhain ar an seandúine mar bhí cos an mhadaidh briste. Shíl sé go mbeadh air an madadh a chur chun báis. Ach léim Florence anuas dá capall agus tháinig sí chun cuidiú leis. Chuir sí cleithe agus bindealán ar chos an mhadaidh, agus níorbh fhada go raibh sé ag rith agus ag léim timpeall na háite arís.

Nuair a bhí Florence seacht mbliana déag d'aois fuair sí 'glaoch ó Dhia'. Dúirt sí gur labhair Dia léi ar an 7ú Feabhra 1837. Dúirt Dia léi go raibh obair speisialta le déanamh aici. Ní raibh barúil aici cén 'obair speisialta' a bhí i ndán di. Níorbh fhada go ndearna sí dearmad ar fhocail Dé, áfach. Bhí Florence ceithre bliana is fiche faoin am ar thuig sí go raibh sí le bheith ina banaltra..

Cap an t-ainm a bhí ar an mhadadh a shábháil sí an lá sin; agus na blianta ina dhiaidh sin, nuair a bhí Florence Nightingale ina banaltra cháiliúil, bhí an-bhród ar an seanfheirmeoir. Bhíodh sé a rá lena cairde gurbh é Cap a céad othar!



Ceisteanna

1. Ainmnigh caitheamh aimsire a bhí ag Florence nuair a bhí sí óg.
2. Cad é a chuir brón ar an seanfheirmeoir?
3. Chuidigh Florence leis an mhadadh. Cad é a rinne sí?
4. Fuair Florence 'glaoch ó Dhia'. Cad é a bhí le rá ag Dia léi, dar léi?
5. Cad chuige a ndearna Florence dearmad ar fhocail Dé?
6. Cén obair a bhí ar siúl ag Florence nuair a d'fhás sí suas?
7. Cén bhliain a bhí ann nuair a thuig Florence go raibh sí le bheith ina banaltra?
8. Cén fáth a raibh bród ar an seanfheirmeoir?
9. Scríobh rud ón scéal a insíonn dúinn gur duine cineálta í Florence Nightingale.

Obair Bhaile 15

Leonardo agus na hÉin

Péintéir iontach ba ea Leonardo Da Vinci. Ní amháin sin ach bhí sé oilte ar mhatamaitic, ar eolaíocht agus ar an innealtóireacht chomh maith. Mhair sé san Iodáil sa chúigiú haois déag. Is beag duine i stair an domhain a bhí chomh cumasach leis.

Nuair a bhí sé go fóill óg rinne Leonardo péintéireacht do dhuine saibhir, agus tugadh dornán maith airgid dó mar luach saothair. Ghlaoigh sé ar chara leis láithreach agus as go brách leo beirt chun an mhargaidh. Is ansin a chonaic sé rud a chuir fearg air; éin bheaga i gcliabháin. Bhí na rudaí beaga go hainnis agus iad ag greadadh a sciathán ag iarraidh éalú. Fear mór láidir ba ea Leonardo – bhí sé ábalta crú capaill a lúbadh idir lámha féitheacha. Ach ba dhuine cneasta séimh é fosta, agus cion aige ar gach créatúr dár chruthaigh Dia. Mheas cara Leonardo go gceannódh sé milseáin nó torthaí leis an airgead, ach bhí dul amú air. Is é a cheannaigh sé ná oiread agus ab fhéidir leis de na héin bheaga. Thug sé leis iad go barr cnoic, d'oscail na cliabháin, agus lig saor na créatúir bhochta.



Rinne Leonardo staidéar cruinn ina dhiaidh sin ar eitilt na n-éan, agus bhí sé cinnte go mbeadh duine ábalta eitilt lá éigin. B'shin cúig chéad bliain ó shin.

Ceisteanna

1. Ainmnigh dhá ábhar scoile atá luaite sa chéad pharagraf.
2. Cad é an obair a rinne Leonardo?
3. Cén sórt mothúcháin a bhí ar Leonardo nuair a chonaic sé na héin i dtosach?
4. Bhí Leonardo an-láidir. Cad é an rud atá sa sliocht a insíonn dúinn go bhfuil sin fíor?
5. Cad é a shíl a chara go ndéanfadh Leonardo leis an airgead a bhí aige?
6. Cad é a rinne Leonardo leis na héin ag barr an cnoic?
7. Cén fáth a ndearna sé an rud sin?
8. Bhí Leonardo cinnte go mbeadh an duine ábalta rud iontach a dhéanamh lá éigin. Cén rud é sin?
9. Cén sórt duine é Leonardo? Scríobh síos dhá aidiacht ón scéal a chuireann síos air.
10. Cad é mar a mhothaigh na héin agus iad sna cliabháin?

Obair Bhaile 16

An Rud Beo is Sine ar an Domhan

Má amharcann tú ar an chrann darach, chífidh tú gur crann mór é. Seasann sé thart fá 30 – 40 méadar in airde agus tá leithead de 1 méadar aige chomh maith. Maireann na crainn seo tamall fada le cuid ann atá beagnach 1000 bliain d'aois.

Ach is crann oll-ard é an Mhórghiúis Dhúdach a fhásann suas go dtí 100 méadar. Tá sé sin chomh hard le foirgneamh 30 urlár. Tá a stoc chomh leathan sin go ndéantar tollán ann chun ligean do bhóithre dul tríd (b'fhéidir 5 nó 6 méadar ar leithead). Tá an choirt chomh tiubh sin nach dtig le mionbheithígh damáiste ar bith a dhéanamh di. Ní amháin sin ach tugann an choirt seo cosaint di ó thinte foraoise, rud a scriosann moll mór crann eile.

Le fada an lae, shíl eolaithe gurbh é an Mhórghiúis Dhúdach ar an rud beo is sine ar an domhan – bhí 3200 bliain ar an cheann is sine! Ach tháinig siad ar chrann níos sine i Nevada, SAM, darbh ainm an Péine Colgach. Crann beag atá sa chrann seo, níos lú ná 10 méadar, ach bhí stoc as cuimse leathan aige, beagnach 4 mhéadar ar leithead. Ba mhaith leis na heolaithe aois an chrainn seo a oibriú amach le cuntas na bhfáinní ach gan damáiste ar bith a dhéanamh don chrann. Mar sin, rinne siad poll beag sa chrann agus ghlac siad píosa beag den adhmad amach. Bhí iontas an domhain orthu nuair a d'oibrigh siad amach go raibh an Péine Colgach 5000 bliain d'aois! Ciallaíonn sé sin gur thosaigh sé ag fás ag an am nuair a tógadh na pirimidí san Éigipt. Bhí an crann seo 3000 bliain d'aois nuair a rugadh Íosa!

Ceisteanna

1. Cad é an airde den chrann darach?
2. Cá fhad a mhaireann an crann darach?
3. Cad é an t-ainm atá ar an chrann a fhásann suas go 100m?
4. Cad é an t-ainm ar an chrann beo is sine ar an domhan?
5. Cén aois an crann is sine ar an domhan?
6. Scríobh fíric shuimiúil faoin chrann seo.



sliabh *ainmfhocal* sléibhte


1 cnoc an-ard 2 achar talún garbh clúdaithe le raithneach agus toim

sliabhraon *ainmfhocal* sliabhraonta

sraith sléibhte atá cóngarach dá chéile

sliasaid *ainmfhocal*

sliasta
an chuid uachtair den chos, os cionn na glúine, láirig, leis, ceathrú



Sligeach *ainmfhocal*

contae i gCúige Chonnachta

slinn *ainmfhocal* slinnnte

plátaí de charraig liath a úsáidtear le díon a chlúdach, scláta

slinneán *ainmfhocal* slinneáin

ceann amháin den dá chnámh mhóra chothroma atá ag barr do dhroma

sliocht *ainmfhocal* sleachta

1 duine atá sa chlann chéanna le duine eile ach atá beo ag am níos moille ná iad 2 cuid amháin de phíosa scríbhneoireachta

slíochta *aidiacht* níos/is slíochta


1 mín agus snasta 2 cairdiúil, greannmhar agus réchúiseach

sliogán *ainmfhocal* sliogáin

clúdach cruu thart ar an taobh amuigh d'ainmhí farraige

sliogiasc *ainmfhocal*

ainmhí farraige a bhfuil blaosc aige




slíos *ainmfhocal* sleasa

líne atá mar imeall nó faobhar de chruth

sliotán *ainmfhocal* sliotáin

oscailt chaol trína gcuireann tú rudaí, bonn airgid mar shampla



sliotar *ainmfhocal* sliotair

liathróid a úsáideann tú san iománaíocht agus sa chamógaíocht



slipéar *ainmfhocal* slipéir

bróg bhog chompordach a chaitheann tú istigh

slis *ainmfhocal* sliseanna

1 píosa beag de rud 2 **slis sileacain** píosa beag de shileacan a úsáidtear i ríomhairí

slisín *ainmfhocal* slisíní

píosa bagúin

slócht *ainmfhocal*


slócht a bheith ort guth garbh a bheith agat

slodán *ainmfhocal* slodáin

linn bheag, d'uisce fearthainne ach gó háirithe

slog *briathar* shlog, slogann, slogfaidh, slogadh, slogtha

1 bia a chur ón bhéal go dtí an bolg tríd an scornach 2 rud a alpadh go gasta agus go cíocrach 3 **focal a shlogadh** labhairt go doiléir



slógadh *ainmfhocal*

1 cruinniú mór poiblí 2 saighdiúirí a thabhairt le chéile



sloinne *ainmfhocal* sloinne

an dara hainm s'agat, a bhíonn mar an gcéanna leis an chuid eile de do theaghlach de ghnáth



slua *ainmfhocal* sluaite

cuid mhór daoine in aon áit amháin, scata

sluaíocht *ainmfhocal* sluaíocht

turas a dhéanamh ar mhaithe le rud a dhéanamh nó rud a bhaint amach

sluasaid *ainmfhocal* sluaistí

uirlis mar spád leis na taobhanna tiontaíthe suas, úsáideann tú í le rudaí mar gual, créafóg, gaineamh nó sneachta a thógáil



sluga *ainmfhocal* slugaí

mionbheithíoch sleamháin mar sheilide gan bhlaosc

sluma *ainmfhocal* slumaí

ceantar de thithe salacha agus plódaithe i gcathair *Ní sráid dheas í seo, sluma atá ann.*

smacht *ainmfhocal* smachta

an chumhacht a bheith agat gníomhaíochtaí dhuine nó ruda a stiúradh sa dóigh is go ndéanann sé an rud a ba mhaith leat

smachtaigh *briathar* smachtaigh,

smachtaíonn, smachtóidh, smachtú, smachtaithe

cumhacht a bheith agat ar a dhéanann duine nó rud

Obair Bhaile 17

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cé acu focal ón leathanach seo atá ar comhchiall le “?”
2. Cad is ciall le sliabhraon?
3. Cad é an aimsir láithreán den fhocal ‘slog’?
4. Cad é a chuireann tú i sliotán?
5. Cad é an uimhir iolra de ‘sluasaid’?
6. Cad é a thugtar ar linn bheag d’uisce fearthainne?
7. Cén Cúige ina bhfuil Sligeach?
8. Comhlánaigh an abairt seo:

Ní sráid dheas í seo, _____ atá ann.

Obair Bhaile 18

Litir Buíochais

Seo litir a scríobh bean ag gabháil buíochais lena cara a chuidigh léi cóisir a reáchtáil dá fear céile.

A Áine, a chara,

Níl ann anseo ach litir bheag chun buíochas a ghabháil leat faoin chuidiú a thug tú dom an tseachtain seo caite. Oíche iontach a bhí ann aréir, tá siúl agam gur bhain tú sult as.

Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar aghaidh Larraí nuair a shiúil sé isteach sa seomra agus nuair a las sé na soilse. Ba bheag nár léim sé amach as a chraiceann leis an gheit a bhain muid as nuair a scairt muid amach mar sin. Ní thig liom fanacht go dtí go bhfeicim na grianghrafanna a ghlac gach duine de sin. An fear bocht!

Is mór an trua go raibh ar Róisín dul abhaile go luath. Shiúil sí abhaile thart fána 10 a chlog agus chuir mé scairt gutháin uirthi ar a 10 i ndiaidh a 10 agus bhí sí ag mothú go holc go fóill. Buailfidh mé isteach uirthi inniu ar mo shiúlóid chuig an siopa. Tá siúl agam nach raibh sí tinn mar gheall ar na ceapairí cáise a rinne mé. Mhothaigh mé féin go breá, cad é faoi dtaobh duit féin?

An cuimhin leat Larraí ag ceol ag deireadh na hoíche, an raibh tú ann go fóill? Bhí sé cosúil le bheith ag éisteacht le préachán le sceadamán nimhneach! Ach bhain sé sult as, sin an príomhrud.

Níor bhain mé féin mórán sult as an ghlanadh suas ar mhaidin. Bhí orm féin an t-iomlán a dhéanamh, ach ba mhaith ab fhiú é mar cóisir iontach a bhí ann.

Tá Larraí sa ghairdín anois ag léamh an bhronntanais a cheannaigh mé dó. Dúirt sé gur sin an t-údar is fearr leis agus go mbainfidh sé an-sult as. Bhuel, slán go fóill, chífidh mé thú an tseachtain seo chugainn.

Is mise,
Nóirín

Ceisteanna

1. Cad é an t-ainm atá ar fhear céile Nóirín?
2. An raibh a fhios aige go raibh cóisir le bheith aige? Cá bhfios duit?
3. An gcónaíonn Róisín cóngarach do, nó i bhfad ó Nóirín? Cá bhfios duit?
4. Ar chuala Róisín Larraí ag ceol ag an chóisir? Cá bhfios duit?
5. Cad é an rud ón litir a insíonn dúinn nach ceoltóir maith é Larraí?
6. An gcónaíonn Áine cóngarach do, nó i bhfad ó Nóirín? Cá bhfios duit?
7. Ar chuidigh Larraí leis an ghlanadh suas?
8. Cad é a rud a cheannaigh Nóirín dá fear céile dá breithlá?

Obair Bhaile 19

An Gleann inar Tógadh mé

Ó áit go háit ba bhreá mo shúil
Is ba ard mo léim ar bharr an tsléibh'
I long is i mbád ba mhór mo dhúil
Is ba bheo mo chroí i lár mo chléibh.
Mar chos an ghiorria a bhí mo chos
Mar iarann, gach alt is féith
Bhí an sonas romham thall is abhus
Sa ghleann inar tógadh mé

Ní hamhlaidh atá sé agam anois
Bhí mé luath is bhí mé mall
Níl a fhios agam cad é a bhris
Sean-neart mo chroí is lúth na mball
Rinne mé mórán is fuair mé fios
Ar mhórán – och! Níor sásaíodh mé
Mo lean, mo lean, gan mé arís óg
Sa ghleann inar tógadh mé.

Ceisteanna

1. Cé acu véarsa, an chéad cheann nó an dara ceann, a bhfuil an file ina dhuine óg?
2. Cad é a deir leat sa dán go bhfuil an file ag scríobh faoi am a bhí sé óg?
3. 'Mar chos an ghiorria a bhí mo chos'. Cad é an chiall atá leis an líne sin?
4. Cá bhfios duit go raibh saol lán ag an fhile agus gur fhoghlaim sé cuid mhór?
5. Ar fhan an file a shaol ar fad in Éirinn? Cá bhfios duit?
6. An bhfuil an file sásta leis an saol a chaith sé? Cad é an rud ón dán a deir an freagra linn?
7. An dán sona nó brónach an dán seo? Cad chuige?
8. Cad é an rud a chrónaigh an file thar gach rud eile?

tuaslagadh

trombón *ainmfhocal* trombóin
uirlis cheoil a shéidtear

tromlach *ainmfhocal*
an chuid is mó de ghrúpa daoine nó rudaí, níos mó ná leath

tromluí *ainmfhocal* tromluithe
brionglóid scanrúil nó mhíthaitneamhach

trosc *ainmfhocal* troisc
iasc farraige mór atá in-ite *Is iasc deas é an trosc.*

troscadh *ainmfhocal*
gan a bheith ag ithe tamall

troscán *ainmfhocal* troscáin
táblaí, cathaoireacha, leabaí, cófraí agus earraí
soghluaiste eile a bhíonn de dhíth ort i bhfoirgneamh

trua *ainmfhocal* tuanna
brón a bheith ort de bharr go bhfuil duine i bpian nó i dtrioblóid
Bhí trua agam don chat bocht a bhí ar strae.

truailigh *ainmfhocal* thruailigh, truailíonn,
truailleoidh, truailiú, truailithe
áit a dhéanamh salach

truailiú *ainmfhocal*
próiseas trína ndéantar aer, uisce nó créafóg salach

trucail *ainmfhocal* trucailí
1 leoraí **2** carráiste oscailte ar thraein a iompraíonn earraí **3** cairt

truflais *ainmfhocal*
caint gan chiall, raiméis, amaidí

truicear *ainmfhocal* tuicir
luamhán a tharraingíonn tú le gunna a scaoileadh

trumpa *ainmfhocal* trumpaí
uirlis cheoil phráis le feadán caol a éiríonn níos leithne ag an deireadh

trunc *ainmfhocal* truncaí
1 srón fhada sholúbtha eilifinte *Tá trunc fada ag an eilifint.* **2** bosca mór le claibín ar inse a úsáideann tú le héadaí nó rudaí eile a stóráil

trup *ainmfhocal* trupanna
crith san aer a phiocann do chluasa suas, rud a thig a chluinstin, fuaim *Ní maith leis an mhúinteoir trup a chloisteáil sa seomra ranga.*

trúpa *ainmfhocal* trúpaí
grúpa eagraithe daoine, saighdiúirí nó gasóg ach go hairithe

truslóg *ainmfhocal* truslóga
léim ar chos amháin

tú *forainm*
an duine a bhfuil tú ag caint leis

tua *ainmfhocal* tuanna
uirlis a úsáideann tú le gearradh

tuáille *ainmfhocal* tuáillí
píosa éadaigh atá bog a úsáideann tú le do chorp nó d'aghaidh a thriomú

tuairim *ainmfhocal* tuairimí
1 an rud a shíleann duine ar thopaic nó ábhar, creideamh nó breithiúnas, barúil **2 tuairim is** thart fá, meastachán

tuairisc *ainmfhocal* tuairiscí
1 cuntas nó cur síos ar rud **2** ráiteas rialta ar an dóigh ar éirigh le duine, ar scoil ach go hairithe **3 tuairisc duine a chur** ceist a chur ar dhuine cad é mar atá duine eile

tuairisceoir *ainmfhocal* tuairisceoirí
duine a scríobhann tuairiscí

tuairteán *ainmfhocal* tuairteáin
carr preabach a bhíonn ann ag páirc shiamsaíochta

tuaisceart *ainmfhocal*
an treo ar chlé dhuine atá ag amharc soir




tuama *ainmfhocal* tuamaí
áit a gcuirtear corpán, uaigh

tuar *ainmfhocal* tuartha
1 ráiteas faoin rud is dócha a tharlóidh **2 tuar na haimsire** ráiteas faoin dóigh is dócha a mbeidh an aimsir **3 tuar ceatha** leathchiorcal ildaite a fheiceann tú sa spéir nuair a bhíonn sé ag cur fearthainne ar lá grianmhar, bogha báistí

tuarascáil *ainmfhocal* tuarascálacha
cur síos, tuairisc

tuarastal *ainmfhocal* tuarastail
an t-airgead a shaothraíonn tú as obair a dhéanamh, pá

tuaslagadh *ainmfhocal*
an próiseas ina dtuaslagann ábhar in uisce



Obair Bhaile 20

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cé acu frása ón leathanach seo atá ar comhchiall le ‘bogha báistí’?
2. Cad is ciall le tromluí?
3. Cad é an rud é truailliú?
4. Cad é an obair a dhéanann tuairisceoir?
5. Cad é an uimhir iolra de ‘trombón’?
6. Cad é a thugtar air nuair a thugann tú léim ar chos amháin?
7. Cén sórt focail é ‘trunc’?
8. Cén áit a bhfeicfeá tuairteáin?

Obair Bhaile 21

Litir Gearáin 1

Seo litir a scríobh duine faoin phlean atá ag Chomhairle Chathair Bhéal Feirste chun talamh ina bhfuil coill bheag a dhíol le haghaidh tógáil pictiúrlainne nua.

A dhuine uasail,

Léigh mé alt beag bídeach sa nuachtán áitiúil ar na mallaibh faoin phlean seo atá agaibh chun an Choill Chiúin a leagadh agus chun ligean do chomhlacht éigin pictiúrlann eile a thógáil. Ba bheag nár chaill mé an t-alt beag bídeach seo as siocair nach raibh ann ach cúpla líne ag bun leathanaigh ar chúl an nuachtáin. An raibh sé de mheabhair agaibh an scéal seo a choinneáil ciúin, gan insint do dhuine ar bith faoi dtaobh de? Is maith an rud go bhfaca mé é mar ní fhaca duine ar bith eile a raibh mé ag caint leo é.

Bheadh sé scannalach dá leagfaí an Choill Chiúin. Cad é faoi na daoine uilig a bhaineann sult as an choill? Téim féin ar siúlóid achan Domhnach sa choill bheag ghalánta seo le mo mhadaidh. Is breá leo bheith ag spaisteoireacht agus ag rith leo féin gan aon chontúirt ó charranna nó leoraithe. Téim ann in amanna le mo gharpháistí agus is breá leo fiosrú faoin áit. Maidir liom féin, níl aon rud níos fearr ná siúlóid bheag chiúin a bheith agam maidin an earraigh, ag éisteacht leis na héin agus ag amharc na plandaí agus bláthanna galánta a thagann amach ag an am sin den bhliain.

Ach ní orm féin amháin atá mé ag smaoineamh. Cad é faoi na hainmhithe agus plandaí a chónaíonn sa Choill Chiúin? Is cinnte go bhfaighidh siad bás má bhogann sibh isteach ansin le tarracóirí agus crainn tógála. Tá neart ainmhithe a bhfuil an pháirc sin de dhíth orthu, ioraí rua, ioraí liatha, coiníní, gráinneoga, madaí rua agus mar sin de, gan trácht ar na héin uilig a neadaíonn inti.

Is beag áit ghlas atá le feiceáil i mBéal Feirste gan an ceann seo a scriosadh. Agus cad chuige, fá choinne pictiúrlainne eile? Níl a fhios agam cá mhéad pictiúrlann atá sa chathair seo cheana féin. Níl ceann eile de dhíth orainn! Tá sé de mheabhair agam an litir seo a chur chuig an nuachtán. Tá siúl agam go dtiocfaidh athrú meabhair oraibh gan mhoill!

Is mise,
Seosaimhín Ó Tuathaill

Ceisteanna

1. Cad é a shíleann údar na litreach seo faoi phlean an Chomhairle?
2. Cad chuige a síleann sí go raibh an Comhairle ag iarraidh an plan seo a choinneáil rúnda?
3. An bhfaca mórán daoine an fógra? Cá bhfios duit?
4. Ainmnigh dhá ghrúpa a chaillfidh amach má leagtar an choill?
5. Cad é a shíleann sí faoi na pictiúrlanna i mBéal Feirste?
6. Cad é a dhéanfaidh údar na litreach seo chun an plan seo a stopadh?
7. Cén aois údar na litreach seo dar leat?

Obair Bhaile 22

Litir Gearáin 2

Seo litir a scríobh duine chuig an nuachtán nuair a fuair sí amach go raibh saotharlann ina ceantar féin a dhéanann turgnaimh eolaíochta ar ainmhithe.

A chairde,

níl a fhios agam cá fhad atá an seamlas seo ann ach ní raibh sé go dtí ar na mallaibh gur fhoghlaim mé go raibh sé ann. Bhí mé amuigh ar siúlóid lá, ag siúl cóngarach d'fhoirgneamh mór liath ar Bhóthar an Oileáin, nuair a chonaic mé veain ag stopadh taobh amuigh de. Ní raibh mé ag díriú mórán airde air go dtí go bhfaca mé cad é bhí istigh sa veain. D'oscail an tiománaí an doras agus ba bheag nár thit mé i laige nuair a chonaic mé na cásanna beaga uilig a bhí lán de choiníní bána, ba léir nach raibh na coiníní bochta compordach ar chóir ar bith! Stop mé chun amharc ar na himeachtaí agus chonaic mé cúpla fear, agus cotaí bána orthu, ag teacht amach agus ag iompar na gcásanna isteach san fhoirgneamh seo.

Bhí mé ar bís le teann fiosrachta, mar sin, d'fhan mé san áit a raibh mé ag amharc ar gach rud a bhí ag dul ar aghaidh. Níorbh fhada go dtí go raibh siad críochnaithe agus ansin chuaigh an tiománaí isteach sa veain agus thiomáin sé leis. Nuair a bhí sé ar shiúl, chuaigh mé isteach agus d'amharc mé tríd an fhuinneog. Chuir an rud a chonaic mé samhnas uafásach orm, ba bheag nár chaith mé suas láithreach. Saotharlann a bhí ann agus ba léir go raibh na 'heolaithe' seo ag déanamh turgnamh millteanach ar na hainmhithe bochta seo. Chonaic mé fear amháin ag sileadh leachta éigin isteach i súil choinín bhig. Ní fhaca mé a leithéid de chruálachas riamh i mo shaol.

Ach ní coiníní amháin a bhí i gceist anseo. Chonaic mé luchóga, francaigh agus hamstair chomh maith. Cad é tá ag dul ar aghaidh anseo? An dtig linn ligean do rudaí mar seo dul ar aghaidh inár measc? Cad chuige nach raibh a fhios againn go raibh sé seo a dul ar aghaidh?

Iarraimse ar gach duine a bhfuil grá acu d'ainmhithe bualadh le chéile taobh amuigh d'fhoirgneamh an bháis seo chun cur in iúl nach bhfuil muid ag dul a chur suas leis an dúnmharú seo. Bígí ann meánlae, ar an Satharn seo chugainn. Cineáltas do na Coiníní!

Is mise le meas,
Máire Ní Ghallchóir.

Ceisteanna

1. Ca é a shíleann údar na litreach seo faoin 'seamlas' seo?
2. Cad chuige a bhfuil sí ag scríobh litreach chuig an nuachtán?
3. Cad é mar a mhothaigh sí nuair a chonaic sí cad é bhí ag dul ar aghaidh istigh san fhoirgneamh?
4. Úsáideann sí 'teanga láidir' chun go mbeidh na mothúcháin chéanna ag na léitheoirí faoin áit seo is atá aici féin. Tabhair dhá shampla den teanga láidir seo a úsáideann sí,
5. Cuireann an t-údar uaschamóga thar ar an fhocal 'eolaithe'. Cad chuige a ndéanann sí sin?
6. 'Bhí mé ar bís le teann fiosrachta'. Cad é a chiallaíonn an frása sin?
7. Tabhair dhá shampla den chruálachas a chonaic an t-údar.

urraíocht *ainmfhocal*


gealltanais go dtabharfaidh tú airgead do dhuine má dhéanann sé rud deacair agus tabharfaidh an duine sin an t-airgead do chumann charthanachta *Chuaigh na páistí thart ar na doirse chun urraíocht a fháil don chomórtas litrithe s'acu.*

urramach *aidiacht* níos/lis urramaí an teideal ar bhall den chléir, an tUrramach de Brún mar shampla

úrsceál *ainmfhocal* úrsceálta sceál a líonann leabhar iomlán

urú *ainmfhocal* uruithe

1 nuair a bhlocálann an ghealach an solas ón ghrian
2 sa ghramadach, nuair a théann consan roimh chonsan ag tús focail



ús *ainmfhocal*

an t-airgead breise a thugtar ar ais i ndiaidh airgead a fháil ar iasacht, nó an méid airgid breise a fhaightear ar airgead atá i gcuntas bainc

úsáid *ainmfhocal* úsáidí

1 **úsáid a bhaint as rud** an próiseas de bheith ag úsáid ruda *Bhain mé úsáid as mo pheann luaidhe leis an obair a dhéanamh.* **2** an fheidhm nó an luach atá i rud

úsáid *briathar* d'úsáid, úsáideann, úsáidfidh, úsáid, úsáidte gníomh nó jab a dhéanamh le rud

úsáideach *aidiacht* níos/lis úsáidí rud is féidir a úsáid cuid mhór nó rud atá ábalta jab atá le déanamh a chomhlánú

úsáideoir *ainmfhocal* úsáideoirí duine a úsáideann rud

úsc *ainmfhocal*

leacht tiubh a shruthaíonn go fadálach ó rud nó áit



vacsaín *ainmfhocal* vacsaíní cógas de chineál a insteallann tú i nduine chun é a chosaint ó ghalar

vacsaínigh *briathar* vacsaínigh, vacsaíníonn, vacsaíneoidh, vacsaíniú, vacsaínithe duine a chosaint ó ghalar trí vacsaín a instealladh ann

vaidhtéir *ainmfhocal* vaidhtéirí

1 duine a chuidíonn leis an ghrúm ag an bhainis s'aige **2** **vaidhtéir cuain** duine a bhfuil sé mar jab aige faire a dhéanamh ar an chósta chun stop a chur le smuigléireacht

vaigín *ainmfhocal* vaigíní

cairt le ceithre roth a tharraingíonn capall nó damh

vailintín *ainmfhocal* vailintíní duine a bhfuil grá agat dó

vaimpír *ainmfhocal* vaimpírí i scéalta, créatúr a shúnn fuil dhaoine, deamhan fola

vallait *ainmfhocal* vallaití cás beag cothrom infhillte a choinníonn nótaí bainc, cártaí creidmheasa agus cáipéisí beaga

válsa *ainmfhocal* válsaí damhsa le trí bhuile don bharra

vardrús *ainmfhocal* vardrúis cófra a grochann tú d'éadaí ann

Vársá *ainmfhocal* príomhchathair na Polainne

vása *ainmfhocal* vásaí crúiscín a choinníonn bláthanna nó a úsáidtear mar ornáid *Chuir mamaí na bláthanna sa vása.*

vástchóta *ainmfhocal* vástchótaí casóg theann gan mhuinchillí a chaitheann tú thar léine agus faoi chóta

Vatacáin *ainmfhocal* tír bheag atá san Iodáil, áit a gcónaíonn an Pápa

veain *ainmfhocal* veaineanna leoraí beag le cuid chlúdaithe sa chúl a choinníonn earraí *Tá veain ag mo dhaidí don obair.*

vearnais *ainmfhocal*

leacht a éiríonn crua chun dromchla crua snasta a dhéanamh ar adhmaid nó dromchlaí eile

véarsa *ainmfhocal* véarsaí

1 grúpa línte i ndán nó amhrán **2** filíocht nó dánta

veidhleadóir *ainmfhocal* veidhleadóirí duine a sheinneann veidhlín

veidhlín *ainmfhocal* veidhlíní uirlis cheoil le 4 shreang a sheinneann tú le bogha. fidil

veigeatóir *ainmfhocal* veigeatóirí duine nach n-itheann feoil



Obair Bhaile 23

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cé acu focal ón leathanach seo atá ar comhchiall le 'fidil'?
2. Cén sórt bia nach n-itheann veigeatóir?
3. Cad é príomhchathair na Pollaine?
4. Cad é a chuireann tú i vardrús?
5. Cad é an uimhir iolra de vacsaín?
6. Cad é a thugtar ar ghrúpa línte i ndán nó in amhrán?
7. Cén áit a gcónaíonn an Pápa?
8. Comhlánaigh an abairt seo tríd an fhoirm cheart den aidiacht a chur isteach.

Tá foclóir úsáideach, ach tá an t-idirlíon níos _____ .

Obair Bhaile 24

Ní mar a Chítear a Bhítear

Fógra i nuachtán

Bialann Luigi

25 Bóthar an Chnoic
Béal Feirste

Tagaigí chuig an bhialann Iodálach is fearr in Éirinn. Bíonn gach cineál bia Iodálach ar an chlár; píotsa (de do rogha féin), spaigití, raiviólaí, macarónaí agus a thuilleadh leis.

- Seirbhís Iontach
- Freastalaithe ón Iodáil féin
- Bia galánta
- Ceol binn na hIodáile
- Na praghsanna is lú sa tír

Sílfidh tú go
bhfuil tú sa
Róimh.

Sliocht ó dhialann Mháire

Dé hAoine - Chuaigh muid amach anocht chuig bialann Iodálach. Chonaic Daidí fógra sa pháipéar agus shocraigh muid go rachaimis ann. Luigi's an t-ainm atá air. Ba cheart go mbeidh dlí in éadan fograíochtaí mar sin mar ní raibh rud ar bith ceart leis an fhógra a léigh muid. Bhuel, sin bréag, bhí ceol Iodálach ann ach ní raibh sé róbhinn. I dtús báire d'ordaigh mé píotsa agus dúirt mé nár mhaith liom ainseabhaithe air. Cad é a fuair mé (i ndiaidh $\frac{1}{2}$ uair an chloig)? Píotsa le hainseabhaithe! Dúirt mé gur mhaith liom ceann úr ach thug siad an ceann céanna ar ais chugaim gan na hainseabhaithe air, bhí mé go fóill ábalta iad a bhlaiseadh! Agus bhí sé fuar! Dúirt sé san fhógra gur freastalaithe Iodálacha a bheadh ann ach chuala mé iad ag caint as Gaeilge le chéile. Ní iomaí Iodálach a bhfuil Gaeilge acu ach ní dóigh liom go bhfuil Iodálach ar bith ann a labhraíonn Gaeilge le canúint Bhéal Feirste. Bhain daidí sult as, ní bhíonn sé ag gearán fá rud ar bith, de ghnáth, ach is cinnte nach raibh sé róshásta nuair a fuair sé an bille!

Ceisteanna

1. Dúirt an fógra go mbeadh seirbhís iontach ann, ach an raibh dar leis an sliocht ón dialann? Cá bhfios duit?
2. Dúirt an fógra go mbeadh bia galánta ann, ach an raibh dar leis an sliocht ón dialann? Cá bhfios duit?
3. Dúirt an fógra go mbeadh ceol na hIodáile ann, ach an raibh dar leis an sliocht ón dialann?
4. An raibh na praghsanna sa bhialann seo íseal? Cá bhfios duit?
5. Cad é mar a fuair Máire amach nach Iodálacha iad na freastalaithe?

